Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12678/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0053 (COD)**

**CODEC 1237**
**TRANS 372**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 1 Márta 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 25 Aibreán 2023[2].

3. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023[3].

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 28 Feabhra 2024[4].

[1] 6795/1/23 REV 1 + ADD 1 REV 1 + ADD 2-4.
[2] IO C 199, 7.6.2023, lch. 13.
[3] IO C 293, 18.8.2023, lch. 133.
[4] 10630/24.

6. An 30 Aibreán 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite[5], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

7. An 14 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 8353/25 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 8353/25 ADD 1 REV 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Chróit agus Málta ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

9. Leagtar amach na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[5] 7790/25.